AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 11.7.2023
COM(2023) 443 final

ANNEXES 1 to 10

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010

{SEC(2023) 443 final} - {SWD(2023) 443 final} - {SWD(2023) 444 final}

IARSCRÍBHINN I

TÁIRGÍ INSOLÁTHARTHA AGUS SCEIDEAL MAIDIR LEIS AN TOILLEADH A BHAINISTIÚ

DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 11, 16, 18 AGUS 38

1. TÁIRGÍ INSOLÁTHARTHA ATÁ LE hULLMHÚ AG BAINISTEOIRÍ BONNEAGAIR SA PHLEANÁIL STRAITÉISEACH MAIDIR LE TOILLEADH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 11, 16, 17 AGUS 18

Táirge insoláthartha	**Ábhar**
Straitéis um thoilleadh (Airteagal 16)	– Forbairt phleanáilte bhonneagair fhisiciúil, lena n-áirítear tógáil nua, uasghráduithe, athnuachaintí agus dúnadh/díchoimisiúnú; – Forbairt tuartha an éilimh ar sheirbhísí iompair iarnróid; – Treoraíocht straitéiseach maidir le húsáid an toillte ag na Ballstáit, lena n-áirítear ionchas maidir le héabhlóid na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí; – An toilleadh a leithdháiltear i gcreat-chomhaontuithe agus an toilleadh a cheanglaítear chun seirbhísí iompair a sholáthar faoi chonarthaí seirbhíse poiblí; – Bonneagar a dhearbhaítear mar bhonneagar ardúsáide nó plódaithe; – Srianta móra ar an toilleadh de thoradh oibreacha bonneagair.
Samhail maidir le toilleadh (Airteagal 17)	– An fhaisnéis uile a áirítear sa straitéis um thoilleadh, agus atá tugtha cothrom le dáta in éineacht le mionsonraí breise i gcás inarb ábhartha – Méid an toillte a bhíonn ar fáil d'iarratasóirí de réir dheighleog mhargaidh an iompair iarnróid agus/nó de réir próiseas leithdháilte – Méid an toillte a éilítear le haghaidh oibreacha bonneagair de réir an tionchair ar an trácht (catagóirí) – Raon feidhme geografach: ar a laghad na línte a áirítear i gcroíghréasán agus i gcroíghréasán sínte TEN-T – Mionsonraí geografacha: miondealú i ranna pleanála iomchuí lena léirítear saintréithe bonneagair agus éilimh – Raon feidhme ama: tréimhse bhailíochta tráthchláir oibre amháin – Mionsonraí ama: forbhreathnú bliantúil ar a laghad (srianta ar an toilleadh) agus lá ionadaíoch amháin nó níos mó laethanta ionadaíocha (an toilleadh a bhíonn ar fáil le

	haghaidh iarrataí)
Plean um thoilleadh a sholáthar (Airteagal 18)	– An fhaisnéis uile a áirítear sa tsamhail maidir leis an toilleadh, agus atá tugtha cothrom le dáta in éineacht le mionsonraí breise i gcás inarb ábhartha – An toilleadh réamhphleanáilte a bhíonn ar fáil le haghaidh iarrataí, arna shainiú i bhfoirm chuspóirí maidir leis an toilleadh – Srianta ar an toilleadh, arna sainiú i bhfoirm cuspóirí maidir leis an toilleadh – An toilleadh malartach a bhíonn ar fáil le linn srianta ar an toilleadh – An toilleadh malartach a bhíonn ar fáil i gcás suaití gréasáin

2. SCEIDEAL MAIDIR LE BAINISTÍOCHT STRAITÉISEACH AN TOILLTE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 11, 16, 17 AGUS 18

1. Nuair a bheidh táirgí insoláthartha phleanáil straitéiseach an toillte á n-ullmhú le haghaidh tréimhse bhailíochta tráthchláir oibre ar leith, urramóidh bainisteoirí bonneagair an sceideal a leagtar amach sa roinn seo.

Féadfaidh bainisteoirí bonneagair sprioc-amanna níos luaithe a shainiú. Comhchuibheofar na sprioc-amanna sin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6.

Déanfar an comhairliúchán le páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 54 agus beidh ar a laghad gnóthais iarnróid páirteach ann mar aon le hiarratasóirí, páirtithe leasmhara oibríochtúla agus údaráis phoiblí eile. Comhordóidh bainisteoirí bonneagair na táirgí insoláthartha ar bhonn leanúnach agus iad i mbun comhordú i gcomhréir le hAirteagal 53.

Táirge insoláthartha	**Cloch mhíle**	**Sprioc-am (ar a dhéanaí)**
Straitéis um thoilleadh (Airteagal 16)	Foilsiú na chéad eilimintí den straitéis um thoilleadh	X–60
	An chéad chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara	X–58
	Foilsiú na dréachtstraitéise agus an dara comhairliúcháin le páirtithe leasmhara	X–38
	Foilsiú na straitéise críochnaithí um thoilleadh tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair	X–36
Samhail	Tús an ullmhúcháin	X–36

maidir le toilleadh (Airteagal 17)	Comhairliúchán le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla	X–24
	Foilsiú na dréachtstraitéise um thoilleadh	X–21
	Comhordú le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla	X–19
	Foilsiú na samhla críochnaithí maidir leis an toilleadh tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair	X–18
Plean um thoilleadh a sholáthar (Airteagal 18)	Tús an ullmhúcháin	X–18
	Comhairliúchán le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla	X–14
	Foilsiú na srianta ar an toilleadh dá dtagraítear i bpointe (1) de roinn (3) den Iarscríbhinn seo	X–12
	Foilsiú an phlean chríochnaithigh um thoilleadh a sholáthar tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair	X–11
	Foilsiú na srianta ar an toilleadh dá dtagraítear i bpointe (5) de roinn (3) den Iarscríbhinn seo	X–4
	Athrú chuspóir an toillte arna fhorchoimeád lena leithdháileadh tríd an tráthchlár oibre le haghaidh próisis leithdháilte eile	X–2
	Nuashonrú an phlean um thoilleadh a sholáthar chun aon athrú ar an toilleadh réamhphleanáilte nó leithdháilte a léiriú	Go dtí X+12 gan mhoill
Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: (1) ciallaíonn ‘X–m’ na míonna ‘m’ roimh dhul i bhfeidhm an tráthchláir oibre (‘X’), i gcomhréir le roinn 4.		

2. De mhaolú ar phointe 1, tá feidhm ag an sceideal simplithe agus giorraithe maidir leis an táirge insoláthartha ‘Straitéis um thoilleadh’ i ndáil leis na tréimhsí bailíochta tráthchláir oibre a thosaíonn i mí na Nollag 2029 agus i mí na Nollag 2030:

Straitéis um thoilleadh	Foilsiú na dréachtstraitéise agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara	X–38

(Airteagal 16)	Foilsiú na straitéise críochnaithí um thoilleadh tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair	X–36

3. AN SCEIDEAL MAIDIR LE COMHORDÚ, COMHAIRLIÚCHÁN AGUS FOILSIÚ NA SRIANTA AR AN TOILLEADH DE THORADH OIBREACHA BONNEAGAIR DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 10 AGUS 35

1. A mhéid a bhaineann le srianta sealadacha ar thoilleadh na línte iarnróid, ar chúiseanna amhail oibreacha bonneagair, lena n-áirítear srianta luais, ualach ar acastóir, fad traenach, fórsa tarraingthe, nó imchlúdach struchtúir ('srianta ar an toilleadh') atá bainteach, ar feadh ré is faide ná 7 lá as a chéile agus dá ndéantar breis agus 30 % den mhéid tráchta measta ar líne iarnróid in aghaidh an lae a chur ar ceal, a athródú, nó móid iompair eile a chur ina ionad lena linn, foilseoidh na bainisteoirí bonneagair lena mbaineann na srianta uile ar an toilleadh agus na torthaí tosaigh uile de chomhairliúchán leis na hiarratasóirí den chéad uair 24 mhí ar a laghad agus, i bhfoirm nuashonraithe, den dara huair 12 mhí ar a laghad roimh an athrú ar an tráthchlár oibre lena mbaineann. Áireofar na srianta bonneagair sin sa phlean um thoilleadh a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 18.

2. Mar chuid den chomhordú idir bainisteoirí bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 53, pléifidh na heintitis a ainmnítear i mír 5 den Airteagal sin na srianta sin ar an toilleadh freisin, mura mbeidh tionchar na srianta ar an toilleadh teoranta d'aon ghréasán amháin, i gcomhpháirt le hiarratasóirí leasmhara agus le príomhoibreoirí na saoráidí seirbhíse lena mbaineann nuair a fhoilseofar den chéad uair iad.

3. Nuair a bheidh srianta ar an toilleadh á bhfoilsiú i gcomhréir le pointe (1) den chéad uair, seolfaidh an bainisteoir bonneagair comhairliúchán leis na hiarratasóirí leasmhara agus le príomhoibreoirí na saoráidí seirbhíse lena mbaineann maidir leis na srianta ar an toilleadh. I gcás inar gá comhordú i gcomhréir le pointe (4) idir an chéad agus an dara foilseachán de shrianta ar an toilleadh, rachaidh na heintitis a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 53(5) i gcomhairle le hiarratasóirí agus le príomhoibreoirí na saoráidí seirbhíse lena mbaineann an dara huair idir deireadh an chomhordaithe sin agus an dara foilseachán den srian ar an toilleadh.

4. Sula bhfoilseofar srianta ar an toilleadh i gcomhréir le pointe (1), mura mbeidh tionchar na srianta ar an toilleadh teoranta d'aon ghréasán amháin, déanfaidh na heintitis a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 53(5), lena n-áirítear bainisteoirí bonneagair a bhféadfadh tionchar a bheith ag athródú na dtraenacha orthu, na srianta ar an toilleadh a chomhordú eatarthu féin ar srianta iad a bhféadfadh cealú nó athródú conaire traenach a bheith i gceist leo nó móid iompair eile á chur in ionad traenach.

   An comhordú roimh an dara foilseachán, cuirfear i gcrích é:

   (a) tráth nach déanaí ná 18 mí roimh an athrú ar an tráthchlár oibre má dhéantar breis agus 50 % den mhéid tráchta measta ar líne iarnróid in aghaidh an lae a chur ar ceal, a athródú, nó móid iompair eile a chur ina ionad ar feadh ré is faide ná 30 lá as a chéile.

   (b) tráth nach déanaí ná 13 mhí agus 15 lá roimh an athrú ar thréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre má dhéantar breis agus 30 % den mhéid tráchta measta ar

líne iarnróid in aghaidh an lae a chur ar ceal, a athródú, nó móid iompair eile a chur ina ionad ar feadh ré is faide ná 7 lá as a chéile.

(c) tráth nach déanaí ná 13 mhí agus 15 lá roimh an athrú ar thréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre má dhéantar breis agus 50 % den mhéid tráchta measta ar líne iarnróid in aghaidh an lae a chur ar ceal, a athródú, nó móid iompair eile a chur ina ionad ar feadh ré is faide ná 7 lá as a chéile.

Déanfaidh na heintitis a fheidhmeoidh an comhordú idir bainisteoirí bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 53(5), más gá, cuireadh a thabhairt do na hiarratasóirí atá gníomhach ar na línte lena mbaineann agus do phríomhoibreoirí na saoráidí seirbhíse lena mbaineann chun páirt a ghlacadh sa chomhordú sin.

5. A mhéid a bhaineann le srianta ar an toilleadh ar feadh ré 7 lá as a chéile nó níos lú nach gá iad a fhoilsiú i gcomhréir le pointe (1) agus nach ndéanfar breis agus 10 % den mhéid tráchta measta ar líne iarnróid in aghaidh an lae a chur ar ceal, a athródú, nó móid iompair eile a chur ina ionad lena linn, agus a tharlaíonn le linn thréimhse an tráthchláir oibre dá éis sin agus a dtagann an bainisteoir bonneagair ar an eolas fúthu tráth nach déanaí ná 6 mhí agus 15 lá roimh an athrú ar an tráthchlár oibre, rachaidh an bainisteoir bonneagair i gcomhairle leis na hiarratasóirí lena mbaineann maidir leis na srianta ar an toilleadh atáthar ag brath a dhéanamh agus cuirfidh na srianta nuashonraithe ar an toilleadh in iúl 4 mhí ar a laghad roimh an athrú ar an tráthchlár oibre. Soláthróidh an bainisteoir bonneagair mionsonraí ar na conairí traenach a thairgtear le haghaidh traenacha paisinéirí tráth nach déanaí ná 4 mhí agus le haghaidh traenacha lasta tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin roimh thús an tsriain ar an toilleadh, mura gcomhaontóidh an bainisteoir bonneagair agus na hiarratasóirí lena mbaineann aga seachadta níos giorra.

6. Féadfaidh bainisteoirí bonneagair cinneadh a dhéanamh tairseacha níos déine a chur i bhfeidhm maidir le srianta ar an toilleadh bunaithe ar chéatadáin níos ísle de mhéideanna tráchta measta nó ar réanna níos giorra ná mar a léirítear i roinn 3 den Iarscríbhinn seo nó chun critéir a chur i bhfeidhm sa bhreis ar na critéir a luaitear san Iarscríbhinn seo, de bhun comhairliúcháin le hiarratasóirí agus le hoibreoirí saoráide. Foilseoidh siad na tairseacha agus na critéir maidir le srianta ar an toilleadh a bhraisliú ina ráitis ghréasáin faoi phointe 3 d'Iarscríbhinn IV de Treoir 2012/34/AE.

7. Gan dochar d'Airteagal 40, féadfaidh an bainisteoir bonneagair cinneadh a dhéanamh gan na tréimhsí a leagtar síos i bpointí (1) go (5) a chur i bhfeidhm, más gá an srian ar an toilleadh chun oibríochtaí traenach sábháilte a athbhunú, mura mbeidh uainiú na srianta faoi smacht an bhainisteora bonneagair, dá mbeadh cur i bhfeidhm na dtréimhsí sin neamhéifeachtach ó thaobh costais nó ina údar damáiste gan ghá i leith saolré ionchais nó bail sócmhainne, nó má chomhaontaíonn na hiarratasóirí uile lena mbaineann. Sna cásanna sin agus i gcás aon srian eile ar an toilleadh nach bhfuil faoi réir comhairliúcháin i gcomhréir le forálacha eile na hIarscríbhinne seo, rachaidh an bainisteoir bonneagair i gcomhairle leis na hiarratasóirí agus le príomhoibreoirí saoráidí seirbhíse lena mbaineann láithreach.

8. Beidh san fhaisnéis a sholáthróidh an bainisteoir bonneagair agus é ag gníomhú i gcomhréir le pointí (1), (5) nó (7):

(a) an lá ar a bhfuil an srian pleanáilte;

(b) an t-am den lá, agus, a luaithe agus is féidir é a shocrú, uair thús agus dheireadh an tsriain ar an toilleadh;

(c) an stráice den líne dá ndéanann an srian difear;

(d) i gcás inarb infheidhme, toilleadh na línte atreoraithe.

Foilseoidh an bainisteoir bonneagair an fhaisnéis sin, nó nasc mar is féidir í a fháil, ina ráiteas gréasáin dá dtagraítear i bpointe (3) d'Iarscríbhinn IV de Threoir 2012/34/AE. Coimeádfaidh an bainisteoir bonneagair an fhaisnéis sin cothrom le dáta. Ina theannta sin, foilseoidh bainisteoirí bonneagair an fhaisnéis sin i bhformáid dhigiteach i gcomhréir le hAirteagal 9 agus 62.

9. A mhéid a bhaineann leis na srianta ar an toilleadh ar feadh ré 30 lá as a chéile ar a laghad agus a dhéanann difear do bhreis agus 50 % den mhéid tráchta measta ar líne iarnróid, soláthróidh an bainisteoir bonneagair do na hiarratasóirí arna iarraidh sin dóibh le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin le comparáid na ndálaí a bheidh rompu agus ar a laghad dhá rogha mhalartacha de shrianta ar an toilleadh i gceist. Dearfaidh an bainisteoir bonneagair na roghanna malartacha sin ar bhonn an ionchuir a sholáthróidh na hiarratasóirí tráth a n-iarrataí agus i gcomhpháirt leo.

Beidh sa chomparáid, le haghaidh gach rogha mhalartach, ar a laghad:

(a) ré an tsriain ar an toilleadh,

(b) na muirir bhonneagair tháscacha dhlite lena bhfuil coinne,

(c) an toilleadh a bheidh ar fáil ar na línte atreoraithe,

(d) na bealaí malartacha a bheidh ar fáil, agus

(e) na tréimhsí taistil táscacha.

Roimh rogha a dhéanamh idir roghanna malartacha na srianta ar an toilleadh, rachaidh an bainisteoir bonneagair i gcomhairle leis na hiarratasóirí leasmhara agus cuirfidh tionchair na roghanna malartacha difriúla ar na hiarratasóirí sin agus ar úsáideoirí na seirbhísí san áireamh.

Áireofar leis an anailís ar shrianta malartacha ar an toilleadh staideanna a bhaineann le breis agus aon bhainisteoir bonneagair amháin. Sa chás seo, comhordóidh na bainisteoirí bonneagair pleanáil roghanna malartacha na srianta ar an toilleadh i gcomhréir le hAirteagal 53.

10. A mhéid a bhaineann leis na srianta ar an toilleadh ar feadh ré is faide ná 30 lá as a chéile agus a dhéanann difear do bhreis agus 50 % den mhéid tráchta measta ar líne iarnróid, leagfaidh an bainisteoir bonneagair critéir síos maidir leis na traenacha de gach cineál seirbhíse ba cheart a athródú, agus srianta tráchtála agus oibríochtúla an iarratasóra á gcur san áireamh, ach amháin i gcás ina n-eascróidh na srianta oibríochtúla sin as cinntí bainistíochta nó eagrúcháin an iarratasóra, agus gan dochar don aidhm costais an bhainisteora bonneagair a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Threoir 2012/34/AE. Foilseoidh an bainisteoir bonneagair na critéir sin sa ráiteas gréasáin.

11. Foilseoidh ENIM an fhaisnéis a cheanglaítear faoi phointe (8) ar a shuíomh gréasáin.

12. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme roinn 3 den Iarscríbhinn seo go dtí 31 Nollaig 2024 agus molfaidh togra reachtach más gá.

4. SCEIDEAL MAIDIR LEIS AN TOILLEADH A LEITHDHÁILEADH TRÍD AN BPRÓISEAS LEITHDHÁILTE BLIANTÚIL DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 32 AGUS 38

1. Comhlíonfaidh an bainisteoir bonneagair agus na hiarratasóirí an sceideal seo a leanas:

Garsprioc nó tréimhse	**Sprioc-am nó ré[1]**
Tréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre (‘tréimhse tráthchláir oibre’)	Aon bhliain amháin
Teacht i bhfeidhm an tráthchláir oibre	Meán oíche an dara Sathairn i mí na Nollag
Foilsiú an phlean um thoilleadh a sholáthar	I gcomhréir le roinn 2 den Iarscríbhinn seo
Foilsiú na srianta ar an toilleadh de thoradh oibreacha bonneagair	I gcomhréir le ranna 2 agus 3 den Iarscríbhinn seo
Sprioc-am d’iarratasóirí chun iarrataí ar chearta toillte a chur isteach	X–8.5
Ullmhú dréacht-tráthchláir oibre Sprioc-am don bhainisteoir (do bhainisteoirí) bonneagair chun dréacht-tairiscint an toillte a chur faoi bhráid iarratasóirí	X–6.5
Tabhairt chun críche an chomhordaithe le hiarratasóirí	X–6
Sprioc-am don bhainisteoir (do bhainisteoirí) bonneagair chun tairiscint chríochnaitheach an toillte a chur faoi bhráid iarratasóirí	X–5.5
Foilsiú tráthchláir oibre chríochnaithigh Sprioc-am don bhainisteoir bonneagair chun cearta toillte a leithdháileadh ar iarratasóirí	X–5.25
Tiontú na sonraíochtaí toillte i gconairí traenach	Le sonrú sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6
Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: (1) ciallaíonn ‘X–m’ na míonna ‘m’ roimh dhul i bhfeidhm an tráthchláir oibre (‘X)	

2. Leithdháilfidh bainisteoirí bonneagair toilleadh i leith iarrataí a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 32(8) ar bhonn an phrionsabail tús freastail ar an gceann is túisce.

3. An sprioc-am d’iarratasóirí chun iarrataí a chur isteach ar chearta toillte agus a leagtar síos sa tábla faoi phointe 1, is é sin an sprioc-am a bheidh ann d’iarrataí ar an toilleadh bonneagair dá dtagraítear in Airteagal 27(4) de Threoir 2012/34/AE.

5. SCEIDEAL MAIDIR LEIS AN TOILLEADH A LEITHDHÁILEADH TRÍ CHREAT-CHOMHAONTUITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 31 AGUS 38

1. Comhlíonfaidh an bainisteoir bonneagair an sceideal seo a leanas:

Tréimhse ama	**Fad** [(1)]
Tréimhse bhailíochta chaighdeánach na gcreat-chomhaontuithe	5 bliana
Tiontú na sonraíochtaí toillte i gconairí traenach	Idir X–8.5 agus X–6.5 (i gcomhpháirt leis an gcomhordú faoin bpróiseas leithdháilte bliantúil dá dtagraítear i roinn 4)
Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: (1) ciallaíonn 'X–m' na míonna 'm' roimh dhul i bhfeidhm an tráthchláir oibre ('X'), i gcomhréir le roinn 4	

6. SCEIDEAL MAIDIR LEIS AN TOILLEADH A LEITHDHÁILEADH TRÍD AN bPRÓISEAS LEITHDHÁILTE ROLLACH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 33 AGUS 38

1. Comhlíonfaidh an bainisteoir bonneagair agus na hiarratasóirí an sceideal seo a leanas le linn an phróisis phleanála rollaigh:

Garsprioc nó tréimhse	**Sprioc-am nó ré**[(1)]
An pointe ama is luaithe d'iarratasóirí chun iarrataí ar an toilleadh a chur isteach faoin bpróiseas leithdháilte rollach	4 mhí roimh an chéad ghluaiseacht traenach
An pointe ama is déanaí d'iarratasóirí chun iarrataí ar an toilleadh a chur isteach faoin bpróiseas leithdháilte rollach	1 mhí roimh an chéad ghluaiseacht traenach
Ré uasta na gceart toillte a dheonaítear faoin bpróiseas leithdháilte rollach	36 mhí ag tosú ón chéad ghluaiseacht traenach
Tiontú na sonraíochtaí toillte i gconairí traenach le haghaidh cearta toillte a dheonaítear i gcomhréir le mír 2, pointe (a) d'Airteagal 33	Idir X–8.5 agus X–6.5 (i gcomhpháirt leis an gcomhordú faoin bpróiseas leithdháilte bliantúil dá dtagraítear i roinn 4)
Tiontú na sonraíochtaí toillte i gconairí traenach le haghaidh cearta toillte a dheonaítear i gcomhréir le mír 2, pointe (b) d'Airteagal 33	Le sonrú ag na bainisteoirí bonneagair agus an creat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6 á chur san áireamh
Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:	

(1) ciallaíonn ‘X–m’ na míonna ‘m’ roimh dhul i bhfeidhm an tráthchláir oibre (‘X’), i gcomhréir le roinn 4

2. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair an toilleadh a leithdháileadh tríd an bpróiseas pleanála rollach bunaithe ar an bprionsabal tús freastail ar an gceann is túisce.

7. SCEIDEAL MAIDIR LEIS AN TOILLEADH A LEITHDHÁILEADH TRÍD AN bPRÓISEAS *AD HOC* DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 34 AGUS 38

Nuair a bheidh toilleadh bonneagair á leithdháileadh tríd an bpróiseas *ad hoc*, comhlíonfaidh an bainisteoir bonneagair an sceideal seo a leanas:

Tréimhse ama	**Marthanacht**
Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair chun tairiscint chearta toillte a bhaineann le gréasán aonair a ullmhú	1 lá amháin
Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair chun tairiscint chearta toillte ilghréasáin a ullmhú	5 lá

8. SCEIDEAL LE hAGHAIDH ATHRUITHE AR AN TOILLEADH A LEITHDHÁILTEAR DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 39

Nuair a bheidh cearta toillte bonneagair á n-athrú, comhlíonfaidh an bainisteoir bonneagair an sceideal seo a leanas:

Garsprioc nó tréimhse	**Sprioc-am nó ré**
Tréimhse uasta don bhainisteoir bonneagair chun ceart toillte malartach, a bhaineann le gréasán aonair, a thairiscint	24 uair an chloig
Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair lena mbaineann chun ceart toillte ilghréasáin malartach a thairiscint	5 lá

IARSCRÍBHINN II

Bonneagar ardúsáide agus plódaithe dá dtagraítear in Airteagal 20

1. TAIRSEACHA CHUN BONNEAGAR ARDÚSÁIDE AGUS PLÓDAITHE A DHEARBHÚ

Úsáid	Aicmiú	Úsáid acmhainneachta	Tréimhse thagartha
Trácht ilchineálach	Ardúsáidte	> 65 % den toilleadh teoiriciúil	Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 200 lá in aghaidh na bliana
Trácht ilchineálach	Plódaithe	> 95 % den toilleadh teoiriciúil	Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 250 lá in aghaidh na bliana
Trácht aonchineálach	Ardúsáidte	> 80 % den toilleadh teoiriciúil	Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 200 lá in aghaidh na bliana
Trácht aonchineálach	Plódaithe	> 95 % den toilleadh teoiriciúil	Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 250 lá in aghaidh na bliana

Ciallaíonn úsáid an toillte an cóimheas idir an toilleadh a leithdháiltear, nó i gcás tréimhsí tráthchláir roimhe, an líon iarbhír traenacha atá ag rith agus an toilleadh teoiriciúil a bhíonn ar fáil ar eilimint bhonneagair ar bhonn na modheolaíochta dá dtagraítear i roinn 2.

Ciallaíonn ‘trácht aonchineálach’ go mbíonn saintréithe comhchosúla ag traenacha ar an stráice lena mbaineann i gcoitinne ar saintréithe iad atá ábhartha maidir le húsáid an toillte, go háirithe luas, patrún stoptha agus luasghéarú.

Ciallaíonn ‘trácht ilchineálach’ go mbíonn saintréithe difriúla ag traenacha ar an stráice lena mbaineann i gcoitinne ar saintréithe iad atá ábhartha maidir le húsáid an toillte, go háirithe luas, patrún stoptha agus luasghéarú.

2. NÓSANNA IMEACHTA AGUS MODHANNA CHUN MÉID ÚSÁIDE AN TOILLTE A RÍOMH

Déanfaidh bainisteoirí bonneagair measúnú ar mhéid úsáide an toillte ar bhonn nósanna imeachta agus modhanna iomchuí, trédhearcacha agus oibiachtúla.

Féadfaidh bainisteoirí bonneagair leanúint d’úsáid a bhaint as nósanna imeachta agus as modhanna atá ann cheana agus a chomhlíonann na critéir sin. 3 bliana ar a dhéanaí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ullmhóidh ENIM moladh maidir le nós imeachta agus modh comhchuibhithe de chuid an Aontais a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar úsáid an toillte bonneagair iarnróid.

De rogha air sin, is féidir measúnú a dhéanamh ar úsáid an toillte mar an cóimheas idir an t-éileamh ar an toilleadh (a bhreathnaítear / roimhe sin nó meastachán faoin éileamh amach anseo) agus an toilleadh a bhíonn ar fáil sa phlean um úsáid an toillte i gcomhréir le hAirteagal 18.

IARSCRÍBHINN III

INNEACHAR AN CHREATA EORPAIGH UM THOILLEADH A BHAINISTIÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 6

Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6:

Gné	**Tagairt(í)**
Nósanna imeachta agus modheolaíochtaí chun toilleadh bonneagair tearc a bhainistiú agus a leithdháileadh ar bhonn critéir shocheacnamaíocha agus chomhshaoil.	Airteagal 8(5), Airteagal 8(6)
Cineálacha agus tuairisc ar sheirbhísí iompair iarnróid a bheidh le húsáid chun an toilleadh bonneagair iarnróid a phleanáil go straitéiseach.	Airteagal 12(2)
Prionsabail, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí coiteanna um an toilleadh a phleanáil go straitéiseach, lena n-áirítear um chomhordú idir bainisteoirí bonneagair agus um chomhairliúchán le páirtithe leasmhara.	Airteagal 12(9), Airteagal 13, Airteagal 14
Meáin chun an plean soláthair um thoilleadh a fhoilsiú agus próiseas chun dul i gcomhairle le hiarratasóirí	Airteagal 18(10)
Rialacha agus nósanna imeachta um an toilleadh réamhphleanáilte a leithdháileadh, a áirítear sa phlean um thoilleadh a sholáthar.	Airteagal 20(3)
Saintréithe shonraíochtaí an toillte	Airteagal 26(1)
Raonta le haghaidh cuótaí tairsí is infheidhme maidir le cearta toillte neamhúsáidte a chealú	Airteagal 27(6)
Nósanna imeachta agus modhanna chun leithdháileadh na gceart toillte ilghréasáin a chomhordú lena n-áirítear íoscheanglais cháilíochta.	Airteagal 28(5)
Treoirlínte maidir leis na teorainneacha i dtaca leis na difríochtaí idir iarrataí ar an toilleadh ó iarratasóirí agus an toilleadh bonneagair atá á mholadh ag bainisteoirí bonneagair sa phróiseas comhthoiliúil um réiteach coinbhleachta.	Airteagal 36(2)
Nósanna imeachta chun athruithe ar chearta toillte a bhainistiú tar éis an leithdháilte.	Airteagal 39(8)
Coinníollacha as a n-eascraíonn cúiteamh as athruithe ar chearta toillte.	Airteagal 40(3)
Prionsabail, rialacha agus nósanna imeachta chun an toilleadh	Airteagal 41(2)

bonneagair a bhainistiú agus a leithdháileadh i gcás suaitheadh ar an ngréasán.	

IARSCRÍBHINN IV

Inneachar an Ráitis Ghréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/CE – roinn maidir leis an toilleadh a bhainistiú agus leis an trácht a bhainistiú

Beidh sa ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE:

(1) Roinn lena leagfar amach cineál an bhonneagair, a bhíonn ar fáil do ghnóthais iarnróid agus na coinníollacha chun rochtain a fháil air. Tagróidh an roinn sin don fhaisnéis atá ar fáil sa chlár bonneagair dá dtagraítear in Airteagal 49 de Threoir (AE) 2016/797.

(2) Roinn maidir leis na prionsabail agus leis na critéir chun an toilleadh a bhainistiú. Leagfaidh an roinn sin amach saintréithe ginearálta an bhonneagair ó thaobh an toillte de, a bhíonn ar fáil do ghnóthais iarnróid agus aon srian a bhaineann lena úsáid, lena n-áirítear ceanglais dhóchúla maidir leis an toilleadh le haghaidh na cothabhála. Sonróidh an roinn na nósanna imeachta agus na sprioc-amanna a bhaineann leis an bpróiseas um thoilleadh a bhainistiú freisin. Beidh inti critéir shonracha, a chuirtear in úsáid le linn an phróisis sin, go háirithe:

(a) na nósanna imeachta ar dá réir a dtéitear i gcomhairle le hiarratasóirí maidir leis an toilleadh a phleanáil go straitéiseach;

(b) na nósanna imeachta ar dá réir a bhféadfaidh iarratasóirí an toilleadh a iarraidh ar an mbainisteoir bonneagair;

(c) na ceanglais lena rialaítear iarratasóirí;

(d) an sceideal maidir leis an toilleadh a phleanáil go straitéiseach, maidir leis na próisis chur i bhfeidhm, leithdháilte, oiriúnaithe agus athsceidealaithe agus na nósanna imeachta a leanfar chun faisnéis a iarraidh faoin sceidealú agus na nósanna imeachta um obair chothabhála phleanáilte agus gan choinne a sceidealú;

(e) na prionsabail lena rialaítear an sásra um réiteach comhthoiliúil coinbhleachta dá dtagraítear in Airteagal 36, lena n-áirítear an córas réitigh díospóidí a chuirtear ar fáil mar chuid den phróiseas sin, agus an sásra foirmiúil um réiteach coinbhleachta dá dtagraítear in Airteagal 37;

(f) struchtúr agus leibhéal na gcúiteamh as athruithe ar chearta toillte;

(g) na nósanna imeachta a leanfar agus na critéir a úsáidfear i gcás ina mbeidh bonneagar ardúsáidte nó plódaithe;

(h) mionsonraí na srianta ar úsáid an bhonneagair;

(i) míniú ar aon éagsúlú ón gcreat Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 6.

(3) Roinn maidir le hoibríochtaí, lena n-áirítear maidir le bainistiú trácht a, bainistiú suaití agus bainistiú géarchéime. Leagfar amach leis an roinn sin cur chun feidhme na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoir (AE) 2016/797, Treoir (AE) 2016/798 agus Treoir 2007/59/CE, lena n-áirítear:

(a) rialacha oibríochtúla, lena n-áirítear rialacha tosaíochta nó prionsabail tosaíochta maidir le trácht a bhainistiú, liosta na rialacha teicniúla, oibríochtúla agus sábháilteachta nó tagairtí dóibh agus do rialacha a bhaineann le foireann oibríochtúil;

(b) bearta oibríochtúla, lena n-áirítear rialacha agus nósanna imeachta um bainistíocht suaití agus bainistiú géarchéime, cumarsáid oibríochtúil agus malartú sonraí le gnóthais iarnróid agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla eile;

(c) liosta de chórais faisnéise a úsáidtear in oibríochtaí agus tagairtí dóibh;

(d) míniú ar aon éagsúlú ón gcreat Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 44.

(4) Roinn maidir le príomheilimintí na bainistíochta feidhmíochta, lena n-áirítear go háirithe:

(a) tagairtí do chuspóirí feidhmíochta a leagtar amach sa phlean gnó dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Threoir 2012/34/AE agus sa chomhaontú conarthach dá dtagraítear in Airteagal 30 den Treoir sin;

(b) nósanna imeachta um fhaireachán agus um thuairisciú ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna a bhaint amach, chun cúiseanna na n-easnamh feidhmíochta a shainaithint in éineacht le páirtithe leasmhara oibríochtúla agus chun bearta feabhais a dhearadh agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht;

(c) míniú ar aon éagsúlú ón gcreat Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 50.

IARSCRÍBHINN V

INNEACHAR AN CHREATA EORPAIGH UM CHOMHORDÚ TRASTEORANN AN BHAINISTITHE TRÁCHTA, AN BHAINISTITHE SUAITÍ AGUS AN BHAINISTITHE GÉARCHÉIME DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 44

Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad sa chreat Eorpach um chomhordú na bainistíochta tráchta, suaite agus géarchéime trasteorann:

Gné	**Tagairt(í)**
Prionsabail choiteanna maidir le bainistiú tráchta, bainistiú suaití agus bainistiú géarchéime a bheidh le cur san áireamh ag bainisteoirí bonneagair agus rialacha agus nósanna imeachta um bainistiú tráchta á leagan amach acu.	Airteagal 43
Prionsabail choiteanna maidir le bainistiú tráchta, bainistiú suaití agus bainistiú géarchéime a chomhordú idir bainisteoirí bonneagair agus in éineacht le páirtithe leasmhara oibríochtúla.	Airteagal 42, Airteagal 43, Airteagal 45, Airteagal 46, Airteagal 47, Airteagal 48
Prionsabail, rialacha agus nósanna imeachta um an toilleadh a bhainistiú agus a leithdháileadh i gcás suaití gréasáin agus i staideanna géarchéime.	Airteagal 41(1)
Sainiú fhreagrachtaí na bpáirtithe leasmhara oibríochtúla a bhfuil páirt acu sa bhainistíocht tráchta trasteorann, bunaithe ar thacar de nósanna imeachta oibríochta, garspriocanna agus comhéadan.	Airteagal 45
Nósanna imeachta, rialacha, uirlisí agus comhéadain le haghaidh cumarsáide agus chun faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear uirlisí agus chomhéadain dhigiteacha chomhchuibhithe, idir bainisteoirí bonneagair, páirtithe leasmhara oibríochtúla agus páirtithe leasmhara eile lena mbaineann, go háirithe údaráis phoiblí.	Airteagal 45, Airteagal 48, Airteagal 62
Prionsabail maidir le grúpaí comhordaithe tiomnaithe a bhunú i ndáil leis an mbainistiú tráchta, bainistiú suaití agus bainistiú géarchéime.	Airteagal 53(2)
Socruithe le haghaidh an ionsamhlaithe agus na hoiliúna, go háirithe i ndáil le suaití gréasáin agus staideanna géarchéime.	Airteagal 42, Airteagal 46, Airteagal 47
Socruithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht AN bhainistithe tráchta, an bhainistithe suaití agus an bhainistithe géarchéime, lena n-áirítear an comhordú idir páirtithe leasmhara oibríochtúla.	Airteagal 50, Airteagal 51

IARSCRÍBHINN VI

Suaití Gréasáin
dá dtagraítear in Airteagal 46

Cineál teagmhais	Ré mheasta dhóchúil	Tionchar measta dóchúil
Suaití gréasáin	Éilítear 3 lá nó níos mó chun filleadh ar leibhéil an toillte infhaighte a bhí ann roimh theagmhas le haghaidh na húsáide traenacha	– Is gá láimhseáil oibríochtúil le haghaidh 50 % nó níos mó de na traenacha ar an stráice dá ndéantar difear agus a oibrítear ar ghréasán aonair – Is gá láimhseáil oibríochtúil, nó tá coinne leis go n-éileofar an láimhseáil sin le haghaidh 50 % nó níos lú de thraenacha ar an stráice dá ndéantar difear agus a oibrítear ar níos mó ná gréasán amháin
Suaitheadh ilghréasáin	Éilítear 3 lá nó níos mó chun filleadh ar leibhéil an toillte infhaighte a bhí ann roimh theagmhas le haghaidh na húsáide traenacha	– Is gá láimhseáil oibríochtúil, nó tá coinne leis go n-éileofar an láimhseáil sin le haghaidh 50 % nó níos mó de thraenacha ar an stráice dá ndéantar difear agus a oibrítear ar níos mó ná gréasán amháin

Is carnach iad na coinníollacha maidir leis an ré agus leis an tionchar dóchúil ar an trácht.

IARSCRÍBHINN VII

Réimsí feidhmíochta atá faoi réir athbhreithniú feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 50

Réimse feidhmíochta	**Ábhair ábhartha (táscach)**
Bonneagar agus trealamh	– Toilleadh agus cumais an bhonneagair fhisiciúil agus a threalamh, lena n-áirítear cur in úsáid chaighdeáin TEN-T – Laghduithe ar thoilleadh nó ar chumas an bhonneagair i ngeall ar athnuachan, cothabháil nó deisiú bonneagair iarchurtha
Toilleadh bonneagair	– An toilleadh a thairgtear i dtéarmaí cainníochta agus cáilíochta – Úsáid an toillte, an toilleadh breise chun freastal ar fhás an tráchta – Comhsheasmhacht idir an toilleadh a bhíonn ar fáil (pleanáilte nó neamhphleanáilte) agus riachtanais an mhargaidh – Cobhsaíocht an toillte a thairgtear, go háirithe i dtaca le hoibreacha bonneagair – Bonneagar plódaithe – Agaí stoptha pleanáilte traenacha ag stáisiúin teorann
Trácht a bhainistiú	– Poncúlacht / moilleanna ar chineálacha difriúla seirbhísí iarnróid, ag stadanna tionscnaimh, idirmheánacha agus cinn scríbe agus ag suíomhanna atá tábhachtach ar bhonn oibríochtúil – Cealuithe traenacha – Agaí stoptha iarbhír traenacha ag stáisiúin teorann
Bainistíocht suaití agus bainistiú géarchéime	– Cion an tráchta a d'fhéadfaí a athródú nó a athsceidealú le linn an tsuaite nó na géarchéime – Tionchar na suaití ar an trácht iarnróid i dtéarmaí moilleanna agus cealuithe – Tionchar na suaití ar oibreoirí seirbhísí iarnróid agus ar a gcustaiméirí – Saincheisteanna sonracha ar a mbítear ag teacht (cáilíochtúil)
Cur in úsáid agus feidhmíocht seirbhísí, uirlisí agus comhéadan	– Tacaíocht leis na próisis a bhaineann leis an mbainistíocht toillte, bainistíocht tráchta agus bainistíocht suaití – Iomláine agus cáilíocht na faisnéise agus na sonraí arna

digiteach	soláthar – Ailíniú leis an ailtireacht Eorpach arna forbairt in ERJU agus leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797
Rialachán a chomhlíonadh; formhaoirseacht rialála	– Táscairí próisis lena ndéantar faireachán ar chomhlíonadh rialacha agus nósanna imeachta – Gearáin a thaisctear le comhlachtaí rialála agus le ENRRB

IARSCRÍBHINN VIII

Faisnéis atá le soláthar do pháirtithe leasmhara oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 48

An fhaisnéis seo a leanas arna soláthar i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797 agus le gníomhartha cur chun feidhme ábhartha faoin Rialachán sin, beidh sí i raon feidhme Airteagal 48:

- Uimhir reatha traenach
- Tuairisciú traenach
- Sonraí ar an nóta coinsíneachta
- Iarraidh bhealaigh agus leithdháileadh bealaigh
- Ullmhúchán traenacha
- Faisnéis faoi ghluaiseachtaí traenacha agus réamhaisnéis ar ghluaiseachtaí traenacha
- Faisnéis faoi bhriseadh sa tseirbhís
- Am Imeachta Measta an Lastais (ETD), Am Idirthurais Measta (ETI), Am Teachta Measta (ETA)
- Gluaiseacht vaigíní
- Sonraí a Mhalartú chun Cáilíocht a Fheabhsú

IARSCRÍBHINN IX

Liosta saincheisteanna le comhordú idir bainisteoirí bonneagair dá dtagraítear in Airteagal 53

Saincheisteanna le comhordú	**Forálacha le cumhdach leis an gcomhordú**
Pleanáil straitéiseach maidir le toilleadh	Roinn 1 de Chaibidil II, go háirithe: – Airteagal 10 Roinn 2 de Chaibidil II, go háirithe: – Airteagal 11 – Airteagal 13 – Airteagal 14 – Airteagal 15 – Airteagal 16 – Airteagal 17 – Airteagal 18 – Airteagal 19 – Airteagal 21 – Airteagal 22 – Airteagal 25
Sceidealú, leithdháileadh toillte agus athsceidealú	Roinn 3 de Chaibidil II, go háirithe: – Airteagal 27 – Airteagal 28 – Airteagal 31 – Airteagal 32 – Airteagal 33 – Airteagal 34 – Airteagal 35 – Airteagal 36 – Airteagal 37 Roinn 4 de Chaibidil II – Airteagal 39 – Airteagal 40 – Airteagal 41

Bainistiú tráchta, bainistiú suaite agus bainistiú géarchéime	Caibidil III, go háirithe: – Airteagal 45 – Airteagal 46 – Airteagal 47
Athbhreithniú ar fheidhmíocht	Caibidil IV, go háirithe: – Airteagal 51
Cur in úsáid seirbhísí, uirlisí agus comhéadan digiteach; rannchuidiú le sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt	– Airteagal 9(2) – Airteagal 20(4) – Airteagal 27(4) – Airteagal 29(5), Airteagal 29(6) – Airteagal 42(3), pointe (c) – Airteagal 45, pointe (c) – Airteagal 48(2), Airteagal 48(3) – Airteagal 62

IARSCRÍBHINN X

Táblaí Comhghaoil

1. TÁBLA COMHGHAOIL LE HAGHAIDH NA BHFORÁLACHA A SCRIOSTAR I DTREOIR 2012/34/AE

Treoir 2012/34/AE	**An Rialachán seo**
Airteagal 2(6)	Airteagal 36(2)
Airteagal 3, pointe 20	Airteagal 21
Airteagal 3, pointe 22	Airteagal 36
Airteagal 3, pointe 23	Airteagal 31
Airteagal 3, pointe 27	Airteagal 4, pointe 8
Airteagal 3, pointe 28	Airteagal 4, pointe 13
Airteagal 7b(1)	Airteagal 3(1)
Airteagal 7b(2)	Airteagal 3(2)
Airteagal 7b(3)	Airteagal 3(3) agus Airteagal 2(3), pointe b
Airteagal 36	Airteagal 40
Airteagal 38(1)	Airteagal 26(1), an dara fomhír agus Airteagal 26(6)
Airteagal 38(2)	Airteagal 26(3)
Airteagal 38(3)	Airteagal 26(4)
Airteagal 38(4)	Airteagal 26(5)
Airteagal 39(1)	Airteagal 11(3)
Airteagal 39(2)	Airteagal 27(3)
Airteagal 40(1)	Airteagal 14(2), (3) agus Airteagal 28
Airteagal 40(2)	Airteagal 55(7), Airteagal 57(2), Airteagal 63(1), (4), Airteagal 64(1) agus (7)
Airteagal 40(3)	Airteagal 55 (2), (5) agus (7)
Airteagal 40(4)	Airteagal 57(1)
Airteagal 40(5)	

Airteagal 41(1)	Airteagal 7(1)
Airteagal 41(2)	Airteagal 7 (2)
Airteagal 41(3)	Airteagal 7(3)
Airteagal 42(1)	Airteagal 31(1)
Airteagal 42(2)	Airteagal 31(4)
Airteagal 42(3)	Airteagal 31(5)
Airteagal 42(4)	Airteagal 31(5) agus (6)
Airteagal 42(5)	Airteagal 31(7) agus Iarscríbhinn I, roinn 5
Airteagal 42(6)	Airteagal 31(8)
Airteagal 42(7)	Airteagal 31(10)
Airteagal 42(8)	Airteagal 31(11)
Airteagal 43(1)	Airteagal 38(1), Airteagal 32(6), (7), (8) agus Airteagal 33(1) agus (2)
Airteagal 43(2)	Airteagal 10(8), Airteagal 11(2), Airteagal 21(9), Airteagal 38(3), agus Airteagal 39(9)
Airteagal 43(3)	n/b
Airteagal 44(1)	Airteagal 26(1)
Airteagal 44(2)	Airteagal 32(7) agus (8)
Airteagal 44(3)	Airteagal 31(2)
Airteagal 44(4)	Airteagal 28
Airteagal 45(1)	Airteagal 32(2)
Airteagal 45(2)	Airteagal 32(4)
Airteagal 45(3)	Airteagal 32(10)
Airteagal 45(4)	Airteagal 32(11)
Airteagal 46(1)	Airteagal 8(3) Airteagal 20(3) Airteagal 32(3)
Airteagal 46(2)	Airteagal 36(2)

Airteagal 46(3)	Airteagal 36(3)
Airteagal 46(4)	Airteagal 36(4)
Airteagal 46(5)	Airteagal 36(5)
Airteagal 46(6)	Airteagal 36(6)
Airteagal 47(1)	Airteagal 21(1)
Airteagal 47(2)	Airteagal 21(4)
Airteagal 47(3)	Airteagal 21(5), Airteagal 25(1)
Airteagal 47(4)	Airteagal 8(1), (2) (4) agus Airteagal 11(3)
Airteagal 47(5)	Airteagal 8(1) agus (4)
Airteagal 47(6)	Airteagal 21(6)
Airteagal 48(1)	Airteagal 34(1)
Airteagal 48(2)	Airteagal 18(4)
Airteagal 49(1)	Airteagal 24(1)
Airteagal 49(2)	Airteagal 24(2)
Airteagal 49(3)	Airteagal 24(3)
Airteagal 50(1)	Airteagal 22(1)
Airteagal 50(2)	Airteagal 22(2)
Airteagal 50(3)	Airteagal 22(1)
Airteagal 51(1)	Airteagal 23(1)
Airteagal 51(2)	Airteagal 23(1) agus (2)
Airteagal 51(3)	Airteagal 23(4)
Airteagal 51(4)	Airteagal 23(5)
Airteagal 52(1)	Airteagal 12(8)
Airteagal 52(2)	Airteagal 27(6)
Airteagal 53(1)	Airteagal 35(1)

Airteagal 53(2)	Airteagal 10(2), (4) agus Airteagal 35(4)
Airteagal 53(3)	Airteagal 9(1)
Airteagal 54(1)	Airteagal 43(3)
Airteagal 54(2)	Airteagal 43(5)
Airteagal 54(3)	Airteagal 43(6)

2. TÁBLA COMHGHAOIL LE HAGHAIDH RIALACHÁN (AE) UIMH. 913/2010

Rialachán (AE) Uimh. 913/2010	**An Rialachán seo**
Airteagail 1 go 7	
Airteagal 8	Airteagail 55(1) go dtí Airteagail (4), (6), (7) agus 8 agus Airteagail 56(1)(a) go dtí (c), (f) agus (2)
Airteagal 9(1)	Airteagal 14(1), Airteagal 22(3) agus (4), Airteagal 23(3) agus Airteagal 57
Airteagail 9(1)(a), (c), (d), (e), (2), (3), (4) agus (5)	
Airteagal 9(1)(b)	Airteagal 15 agus Airteagal 22(3) agus (4)
Airteagal 10	
Airteagal 11	Airteagail 55(1) go dtí (4), (6), (7) agus (8)
Airteagail 12-18	
Airteagal 19	Airteagal 49 agus Airteagal 52
Airteagail 20 go 25	